Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2022
(OR. en)

14226/1/22
REV 1 (bg, cs, da, de, es, et, ga, it, lt, mt, nl, pl, pt, ro, sk)

LIMITE

JUR 690
COUR 35
INST 402

PUBLIC

**DOICIMÉAD OIBRE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Mheitheal um an gCúirt Bhreithiúnais |
| Ábhar: | Dréachtleasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta<br>– Airteagal 71a de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta |

Ag eascairt as an bplé a rinneadh sa chruinniú den Mheitheal um an gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo leagan athbhreithnithe d'Airteagal 71a de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

**Leasuithe arna ndéanamh ar na Dréachtleasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, i ndiaidh chruinniú ghrúpa 'Cúirt Bhreithiúnais' an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2022**

PUBLIC

I bpointe 13 de na Dréachtleasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, leasaítear téacs Airteagal 71a nua, dar teideal 'Cásanna píolótacha' mar seo a leanas (sainaithnítear na hathruithe le dath liath agus leis an líne tríd i mír 2).

'*Airteagal 71a*

**Cásanna píolótacha**

1. Sa chás go n-ardaítear an cheist chéanna dlí i roinnt cásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta agus go measann an Chúirt Ghinearálta gur ar mhaithe le riar cuí an cheartais é nach ndéanfar na cásanna sin a láimhseáil go comhuaineach, féadfar bac a chur ar na himeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 69(c) nó (d), 70 agus 71, go dtí go dtabharfar breith ar an gcás sin arb é an ceann is oiriúnaí chun an cheist sin a scrúdú, agus aithneofar é mar chás píolótach.
2. Sula ndéanfaidh sé cinneadh bac a chur ar na himeachtaí ~~gcuirfidh sé bac~~, iarrfaidh an tUachtarán ar na príomhpháirtithe sna cásanna ina bhféadfaí bac a chur ar na himeachtaí a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le haon bhac, i gcomhréir le hAirteagal 70(1), agus cuirfidh sé in iúl dóibh an tsaincheist dlí lena mbaineann, mar aon leis an gcás ar dócha go sainaithneofar é mar chás píolótach.
3. Cinnfidh Uachtarán an Dlísheomra dá bhfuil an cás píolótach sannta go ndéileálfar leis an gcás sin i dtosach, i gcomhréir le hAirteagal 67(2).
4. Tráth a atosófar na himeachtaí, beidh an fhéidearthacht ag na páirtithe sna cásanna ar cuireadh bac orthu a dtuairimí a thabhairt ar an mbreith a tugadh sa chás píolótach agus ar na hiarmhairtí atá ag an mbreith sin ar an díospóid.'